IPA
AN FORAS RIARACHÁIN
INSTITUTE OF PUBLIC
ADMINISTRATION

# Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus um Chearta an Duine

**Dréacht Samhain 2024**







# Réamhrá

Is é is cuspóir don doiciméid seo cur chuige an IPA i leith chéim mheasúnaithe oibleagáidí an IPA i dtaobh Dualgas na hEarnála Poiblí mar aon leis an bplean gníomhaíochta gaolmhar a leagan amach.

Leagann Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 dualgas dearfach ar chomhlachtaí na hearnála poiblí aird a thabhairt ar an ngá atá le:

- deireadh a chur le hidirdhealú;
- comhionannas deiseanna agus cóireála a chur chun cinn don bhfoireann agus do dhaoine dá soláthraíonn sí seirbhísí; agus
- cearta daonna na foirne agus úsáideoirí seirbhíse a chosaint.

Cuireann Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine comhionannas agus cearta an duine i gcroílár na caoi a gcomhlíonann an Foras mar chomhlacht poiblí a chuspóir agus a ndéanann sé beart de réir a phlean straitéisigh.

## Eolas faoin bhForas Riaracháin

Is é misean an Fhorais Riaracháin (IPA) tuiscint, caighdeán agus cleachtas an riaracháin phoiblí agus an bheartais phoiblí a chur chun cinn agus inniúlacht agus cumas lucht saothair na Seirbhíse Poiblí a thógáil don am atá le teacht. Tá sé mar rún againn i gcónaí a bheith mar Ionad Sármhaitheasa aitheanta na hÉireann um Fhorbairt Foghlama agus Ceannaireachta don tSeirbhís Phoiblí.

Faoi choimirce na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe (DPENDR), is é an IPA an t-aon eagraíocht amháin laistigh den tSeirbhís Phoiblí ag a bhfuil an saineolas ildisciplíneach fairsing, domhain, ina gcuimsítear cur chuige ilghnéitheach lena n - áirítear oideachas tríú leibhéil creidiúnaithe, foghlaim ghairmiúil, forbairt agus seirbhísí comhairleacha. Tugann an cur chuige trasearnála seo an bonn don bhForas dearcadh ar leith, uile - rialtais a chur i bhfeidhm ar a chuid gníomhaíochtaí agus réitigh a sholáthar ar éilimh an stáit agus an rialtais.

Tá forbairt mhór tagtha ar an IPA ó bunaíodh é sa bhliain 1957. Bíonn os cionn 19,000 fostaí na seirbhíse poiblí ag freastal ar chúrsaí agus ar chláir sa lá atá inniu ann. Tá go leor ranna speisialtóireachta ag an bhForas chun tacú le cuir chuige éagsúla i leith forbairt acmhainní laistigh den tSeirbhís Phoiblí agus chun comhairle a thabhairt ina dtaobh. I measc na ranna sin tá Forbairt Ghairmiúil, OneLearning, Seirbhís Phoiblí Shinsearach agus Scoil Rialtais agus Bhainistíochta Whitaker.

## Ár Misean

Tuiscint, caighdeán agus cleachtas an riaracháin phoiblí agus an bheartais phoiblí a chur chun cinn, ag tacú lenár seirbhís phoiblí maidir leis na dúshláin chasta atá le sárú aici.

## Ár bhFís

A bheith mar Ionad Barr Feabhais aitheanta na hÉireann maidir le hinniúlacht agus cumas a fhorbairt ar fud na seirbhíse poiblí.

## Ár gcuid luachanna

**Ionracas:** a bheith cneasta, macánta agus eiticiúil inár gcuid gnóthaí le chéile agus leis na cliaint.

**Cliant - Lárnaithe agus Freagrúil:** Gníomhú go héifeachtúil agus go héifeachtach ar mhaithe le leas an chliaint agus maidir le comhlíonadh a gcuid riachtanas.

**Oscailteacht agus Cuntasacht:** Gníomhú agus cinntí a ghlacadh ar bhealach trédhearcach agus a bheith sásta dul faoi iniúchadh.

**Iontaobh agus Meas:** A chinntiú go bhfuilimid iontaofa do chliaint agus do chomhghleacaithe agus dóibh siúd a dtagaimid i dteagmháil leo.

**Nuálaíocht agus Foghlaim:** Ár ndícheall a dhéanamh i gcónaí teacht ar smaointe nua, na réitigh is fearr agus eolas nua a fháil agus a scaipeadh.

**Faoi threoir taighde:** Cur le cruthú eolais agus le húsáid taighde atá bunaithe ar fhianaise inár gcuid cinnteoireachta agus sna seirbhísí a chuirimid ar fáil.

**Faoi threoir cleachtais:** Dul sa tóir ar dhea - chleachtas agus eolas cleachtóra a éascú; léargas agus taithí le roinnt agus le cur i bhfeidhm ar fud na seirbhíse poiblí.

## Cúlra Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine (PSD) agus an IPA

Ar aon dul lenár dtiomantas maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannais agus Cearta an Duine a chomhlíonadh, bhunaíomar croíghrúpa inmheánach PSD i dtús báire, ina raibh triúr ball, le tacaíocht iomlán ón Ard - Stiúrthóir. Leag an croíghrúpa seo síos an bunús dár gcur chuige agus chinntigh sé ailíniú lenár dtosaíochtaí straitéiseacha.

Agus sinne ag tógáil ar an réiteach seo, leathnaíodh an grúpa ansin ina mheitheal thrasfheidhmiúil, ina raibh 8 -10 mball ó gach cearn den eagraíocht, lena n - áirítear ionadaithe ó Fhorbairt Ghairmiúil, an fhoireann Oideachais, Áiseanna & Seirbhísí, Acmhainní Daonna, agus Cumarsáid.

Cuireadh de chúram ar an bhfoireann éagsúil seo athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtais reatha, réimsí feabhais a aithint d'fhonn a chinntiú go gcomhlíontar caighdeáin chomhionannais agus chearta an duine, agus timpeallacht chuimsitheach, chothrom a chothú do na páirtithe leasmhara go léir.

Cuireadh san áireamh sa phróiseas comhairliúcháin na hionchuir a bhí ar fáil uathu siúd a gcuireann an IPA seirbhísí ar fáil dóibh. Áiríodh air seo ionchur scoláirí Scoil Whitaker trí shuirbhéanna dearbhú cáilíochta, arna bhforlíonadh le hionchuir cháilíochtúla ó scoláirí trí theagmháil dhíreach ar bhonn duine aonair. Bailítear aiseolas ó dhaoine a fhreastalaíonn ar chláir um Fhorbairt Ghairmiúil go leanúnach, agus rinneadh athbhreithniú agus machnamh air sin sa cheardlann. Chuir an t - ionadaí Acmhainní Daonna aiseolas ar fáil ó iarrthóirí earcaíochta ionchasacha. Cuireadh ionchur foirne conraitheora ar fáil tríd an ionadaí Áiseanna.

## Amlíne

Tá príomhghníomhartha a rinneadh le linn na tréimhse leagtha amach san amlíne thíos.

**Samhain 2023:** Bunaíodh croímheitheal PSD chun an turas agus an cur chuige beartaithe a leagan amach tar éis iad a chomhaontú leis an Ard - Stiúrthóir.

**Nollaig 2023:** Comhairliúchán idir croímheitheal PSD agus ionadaí ó fhoireann Dhualgas na hEarnála Poiblí de Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC).

**Eanáir 2024:** Cur i láthair d'fhoireann uile an IPA. Taispeánadh físeán gairid ón IHREC. Lorg oibrithe deonacha ón bhForas i gcoitinne an deis a bheith páirteach i meitheal PSD an IPA. Tháinig seisear oibrithe deonacha isteach sa ghrúpa.

**Márta 2024:** Ceardlann tosaigh chun feasacht a mhúscailt a reáchtáladh ag an IPA do mheitheal PSD, arna seachadadh ag ionadaí foirne Dualgas na hEarnála Poiblí IHREC. Tar éis na ceardlainne seo, sainaithníodh roinnt míreanna go neamhfhoirmiúil, agus comhaontaíodh go mbeadh ceardlann éascaithe tairbheach maidir leis an ábhar ar fad ata bainteach a ghabháil agus cur chuige struchtúrtha a chomhaontú maidir le plean gníomhaíochta a fhorbairt.

**Aibreán 2024:** Iarradh ar gach ball den mheitheal dul i gcomhairle le comhghleacaithe ina ranna chun faisnéis a bhailiú faoi mhíreanna féideartha a d'fhéadfaí a mheas i gcomhthéacs plean gníomhaíochta.

**Bealtaine 2024:** Reáchtáladh ceardlann éascaithe ag baint úsáide as saineolas bainistíochta tionscadail seachtrach le baill na meithle. Trí idirphlé oscailte agus plé grúpa, tharraing na rannpháirtithe aird ar roinnt réimsí a bhain leis an gclár oibre um chearta an duine agus um chomhionannas, lena n - áirítear inrochtaineacht, cuimsiú, seirbhísí tacaíochta feabhsaithe agus timpeallacht chomhghleacúil agus sábháilte ó thaobh síceolaíochta de a chur chun cinn. Chothaigh an cheardlann comhthuiscint ar na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann le comhionannas agus cearta an duine a chur chun cinn ar fud an Fhorais. Bhí na léargais a bailíodh mar bhonn eolais díreach ag ár dtionscnaimh agus ár bplean gníomhaíochta.

**Iúil 2024:** Tionóladh cruinniú den mheitheal chun aschuir na ceardlainne éascaithe a thiomsú agus a phlé. Comhaontaíodh go rachfaí i gcomhairle le gach ball trí shuirbhé chun a dtuairimí a fháil.

**Lúnasa 2024:** Iarradh ar bhaill na meithle páirt a ghlacadh i suirbhé ar líne chun an t - ord is fearr leo maidir le saincheisteanna tosaíochta a chur in iúl.

**Deireadh Fómhair 2024:** Tháinig baill den chroímheitheal le chéile chun plean gníomhaíochta an IPA a ullmhú bunaithe ar aiseolas ó fuarthas ó bhaill na meithle, torthaí na céime measúnaithe a thiomsú agus na príomhthosaíochtaí a aithint. Ba é an chéad chéim eile plean gníomhaíochta a dhréachtú chun aghaidh a thabhairt ar na tosaíochtaí sin.

**Samhain 2024:** Roinneadh an dréachtphlean gníomhaíochta le baill na meithle, leis an Ard - Stiúrthóir agus le Foireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin an IPA.

**Nollaig 2024:** Foilsiú an mheasúnaithe agus an phlean gníomhaíochta ar shuíomh gréasáin an IPA mar aguisín le Plean Straitéiseach an IPA. Cuireadh in iúl d'fhoireann an IPA é mar aon le hamlíne le haghaidh cur chun feidhme.

## Próiseas

Tugaimid breac - chuntas thíos ar ár gcur chuige i leith céimeanna oibleagáidí Dualgas na hEarnála Poiblí (PSD) an IPA agus an phlean gníomhaíochta gaolmhar.

Cé go gclúdaíonn an chéim measúnaithe atá leagtha amach thíos réimse gnóthaí, ní liosta uileghabhálach é den réimse earraí a chlúdaímid inár n - oibriúchán laethúil sa bhForas. Is liosta é de na gníomhaíochtaí spriocdhírithe atá á ndéanamh againn maidir leis na ceanglais reachtacha.

## Measúnú, Plé, Tuairisc

Ceanglaítear ar an bhForas faoin Acht:

1. **Measúnú a dhéanamh** – leagan amach ina phlean straitéiseach measúnú a dhéanamh ar na saincheisteanna maidir le cearta an duine agus comhionannas a chreideann sé a bheith ábhartha d'fheidhmeanna agus do chuspóir an chomhlachta;
2. **Plé a dhéanamh** – leagan amach ina phlean straitéiseach na beartais, na pleananna agus na gníomhartha atá i bhfeidhm nó a bheartaítear a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin;
3. **Tuairisc a dhéanamh** – tuairisciú ar fhorbairtí agus ar éachtaí ina thuarascáil bhliantúil.

## Measúnú a dhéanamh

Le linn an dá cheardlann, d'aithin an mheitheal PSD os cionn 25 mír lena mbreithniú. Bhí idir mhíreanna gearrthéarmacha agus mhíreanna bonneagair fhisiciúil níos fadtéarmaí i gceist leo seo, mar aon le réimse moltaí rinne tagairt d'fhorbairt foirne agus do chultúr na heagraíochta.

Rinneadh an fadliosta a mheas, agus comhaontaíodh gearrliosta tosaíochtaí agus tá siad seo mar bhunús don phlean gníomhaíochta (Aguisín). Ba é sprioc na meithle ná míreanna a roghnú a bheadh CLISTE (sonrach, intomhaiste, indéanta, ábhartha agus sonrach ó thaobh ama de) agus a mbeadh tionchar acu ar ár bhfoireann, ar ár bhfoghlaimeoirí agus ar ár bpáirtithe leasmhara go luath amach anseo.

I bhfianaise na bpleananna bonneagair atá ar bun i gcónaí maidir le hathlonnú féideartha an Fhorais, bhí an grúpa ar aon aigne go dtabharfaí aghaidh ar mhíreanna a bhaineann le foirgnimh agus áiseanna mar chuid den tionscadal bonneagair i dteannta a chéile laistigh d'amlíne an tionscadail (2025+).

Tá sé i gceist go dtabharfar aghaidh ar na míreanna ar an liosta níos faide amach anseo de réir mar a fhorbróidh an plean gníomhaíochta agus de réir mar a bhainfear amach na tosaíochtaí díreacha. D'fhéadfaí tabhairt faoi chleachtadh athmheasúnaithe mar atá déanta ag go leor eagraíochtaí eile chun liosta na dtosaíochtaí a nuashonrú agus pleanáil chun aghaidh a thabhairt air sin.

Tá an plean gníomhaíochta iomlán leagtha amach ar leathanach X, agus tá sé shaincheist/ábhar aitheanta mar seo a leanas:

1. **Beartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsitheachta** – Forbairt agus cur i bhfeidhm.
2. **Béarla simplí** – Múscailt feasachta agus é a chur chun cinn.
3. **Athbhreithniú a dhéanamh ar fhoirmeacha Iarratais ar sheirbhísí agus ar chláir an Fhorais** – maidir le sonraí pearsanta a bhailiú.
4. **Oifigeach Rochtana** – Breithniú a dhéanamh ar an ngá atá leis an gcineál seo róil sa bhForas.
5. **Feasacht ar néara-éagsúlacht** – Feasacht a fhorbairt agus a fheidhmiú go céimneach don bhfoireann.
6. **Forbairt Foirne** – Feasacht leanúnach PSD, Athbhreithniú ar chearta an duine agus oiliúint maidir le Dínit ag an Obair don bhfoireann.

## Seoladh

Is é an tArd - Stiúrthóir urraitheoir an Phlean Gníomhaíochta PSD.

Is ar an Mheitheal PSD atá an fhreagracht as monatóireacht a dhéanamh ar an bPlean Gníomhaíochta.

Baill bhainistíochta éagsúla a chaithfidh míreanna atá sa Phlean Gníomhaíochta a sheachadadh, le rannchuidiú ón Mheitheal PSD.

Is ar an gCroímheitheal atá an fhreagracht as torthaí an Phlean Gníomhaíochta a thuairisciú.

## Tuarascáil

Tabharfar cuntas sa tuarascáil bhliantúil ar na forbairtí agus ar na nithe a baineadh amach de réir an Phlean Gníomhaíochta agus a cuireadh i bhfeidhm nó a bheartaítear a chur i bhfeidhm. Déanfar na gníomhaíochtaí a tharla in 2024 a thuairisciú i dtuarascáil bhliantúil 2024 an IPA, a mheastar a fhoilseofar i R3 2025.

Cuirfear plean measúnaithe agus gníomhaíochta an Fhorais san áireamh mar aguisín le Plean Straitéiseach an IPA – *Ré Nua Foghlama* – 2022 -2027.

# Plean Gníomhaíochta

| Saincheist | Tasc | Freagrach | Gníomhartha Molta | Amlíne |
|---|---|---|---|---|
| **1. Beartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe** | 1) Beartas a dhréachtú do Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI) don bhForas. | Ceann Acmhainní Daonna | Beartas a dhréachtú agus an dea - chleachtas i réimse an EDI á chur san áireamh. Athbhreithniú a dhéanamh ar an mbeartas le ceardchumainn, meithle PSD, Foireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin. | R4 2024 |
| | 2) An beartas a chomhroinnt le gach fostaí | Ceann Acmhainní Daonna | Faisnéisiú ag cruinnithe foirne a tharlaíonn go míosúil, beartas a roinnt trí láithreán gréasáin an IPA, Seimineáir Ghréasáin ar ábhair a bhaineann le EDI atá ar fáil trí OneLearning do bhaill foirne. | R1 2025 |
| | 3) Treoirlínte iompair agus cultúir do chonraitheoirí ar an láthair | Bainisteoir Sinsearach TFC & Seirbhísí Tacaíochta | A chinntiú go bhfuil gach oibrí laistigh den IPA ag seachadadh a c(h)uid oibre ar bhealach atá ar aon dul le luachanna an IPA. | R1 2025 |
| **2. Béarla simplí** | Feasacht a mhúscailt maidir leis an riachtanas agus úsáid an Bhéarla shimplí i ndoiciméid an IPA. | Ceann Cumarsáide agus foireann an Fhorais lena mbaineann | Seimineár Béarla shimplí a eagrú don bhfoireann.<br><br>Treoirlínte a fhorbairt chun teanga shimplí a úsáid (m.sh., béarlagair a sheachaint, abairtí gearra a úsáid).<br><br>Páirtithe Leasmhara a tharraingt isteach – Páirt a thabhairt don bhfoireann agus don lucht spéise ar mhaithe le haiseolas agus feabhsúchán. | R2 2025 |
| **3. Athbhreithniú a dhéanamh ar fhoirmeacha Iarratais ar sheirbhísí agus ar chláir an Fhorais** | Athbhreithniú a dhéanamh ar gach foirm iarratais de chuid an Fhorais ina bhfuil mionsonraí pearsanta san áireamh. | Ainmní Scoil Whitaker;<br><br>Ainmní Prof Dev;<br><br>Ainmní AD;<br><br>Ainmní TFC<br><br>Ainmní SPS<br><br>Ainmní OneLearning | A chinntiú go bhfuil an rogha i ngach foirm ag an úsáideoir an teideal cuí a roghnú.<br><br>A chinntiú, sa chás go mbailítear inscne mar chuid den bhfoirm, go bhfuil sé ábhartha agus riachtanach agus go bhfuil réimse roghanna ar fáil.<br><br>I gcás inarb infheidhme, go gcuirtear riachtanais speisialta san áireamh maidir le hinrochtaineacht nó cóiríochtaí.<br><br>A chinntiú go gcloítear le ceanglais RGCS. | R4 2025 |

| Saincheist | Tasc | Freagrach | Gníomhartha Molta | Amlíne |
|---|---|---|---|---|
| **4. Oifigeach Rochtana** | Smaoineamh ar an ngá atá le hOifigeach Rochtana san IPA. | Meitheal PSD & Cinn Feidhme | Taighde a dhéanamh ar dhea - chleachtas maidir le ról agus freagrachtaí Oifigigh Rochtana in Institiúidí Ardoideachais eile agus i gcomhlachtaí na hEarnála Poiblí.<br><br>Smaoineamh ar phróifíl róil laistigh de chomhthéacs an IPA chun freagracht oifigigh mhíchumais agus aon dualgais ghaolmhara eile a chur san áireamh.<br><br>Réimse riachtanais an róil a bhunú m.sh. páirtaimseartha, nó i dteannta le dualgais eile, nó ar bhonn conartha. | R4 2025 |
| **5. Feasacht ar néara-éagsúlacht** | Seisiúin feasachta maidir le néara-éagsúlacht a fhorbairt agus a fheidhmiú go céimneach don bhfoireann | Ceann Acmhainní Daonna & Ceann OneLearning<br><br>Meitheal PSD<br><br>Ceann Scoil Whitaker<br><br>Stiúrthóir um Fhorbairt Ghairmiúil | Oiliúint néara-éagsúlachta agus seisiúin feasachta a fhoinsiú don bhfoireann.<br><br>Na riachtanais chuí a chinneadh don bhfoireann i Scoil Whitaker agus i bhForbairt Ghairmiúil chun aghaidh a thabhairt ar néara-éagsúlacht i gcomhthéacs oiliúna/seomra ranga.<br><br>Aiseolas ó shuirbhé dearbhaithe cáilíochta a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar riachtanais maidir le tionscnaimh néara-éagsúlachta amach anseo. | R2 2025 |
| **6. Forbairt Foirne** | 1) Creat foghlama agus forbartha foirne a fhorbairt lena n - áirítear míreanna a bhaineann le PSD.<br><br>2) Athbhreithniú a dhéanamh ar oiliúint maidir le cearta an duine do gach ball foirne.<br><br>3) Athbhreithniú a dhéanamh ar oiliúint maidir le Dínit ag an Obair don bhfoireann | AD<br><br>Meitheal PSD | Cuirfidh gach ball foirne oifige an modúl oiliúna athbhreithnithe PSD de chuid IHREC i gcrích trí OneLearning.<br><br>Sraith cainteoirí/abhcóidí seachtracha ar ábhair éagsúla a bhaineann le cearta an duine agus comhionannas a chomhtháthú sna cruinnithe foirne míosúla.<br><br>Tiomantas an IPA do PSD a chur san áireamh sa chreat nua Ionduchtúcháin d'fhostaithe nua | R1 2025 (creat)<br><br>R2 – R4 (oiliúint) |

**Nóta:** Táthar chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna maidir le rochtain agus áiseanna do bhaill foirne, do mhic léinn agus do rannphháirtithe lena n - áirítear seomraí scíthe, spásanna ciúine, áiseanna atá oiriúnach do dhaoine faoi mhíchumas srl mar chuid de thionscadal agus pleananna bonneagair reatha an Fhorais.

IPA
AN FORAS RIARACHÁIN
INSTITUTE OF PUBLIC
ADMINISTRATION

**Institute of Public Administration**

57-61 Lansdowne Road
Ballsbridge
Dublin 4
Ireland
D04 TC62

**T:** +353 1 240 3600
**F:** +353 1 668 9135
**E:** information@ipa.ie